Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

Athscríbhinn den fhíseán

# Teideal an Fhíseáin: 5 mholadh chun cuidiú leat gach tairbhe a bhaint as d'airgead taisce

An bhfuil d'airgead taisce ag freastal ar do chuid riachtanas agus **ag cur an toradh is fearr ar fáil duit**?

Seo duit roinnt moltaí chun **gach aon tairbhe a bhaint as do chuid airgid**.

1. Bí cinnte go dtuigeann tú cad a oireann do do riachtanais

Tá **roghanna éagsúla** ar fáil **ag brath ar do chuid riachtanas**.

2. Ba chóir duit soláthraithe uile an mhargaidh a chur san áireamh

Tá **raon táirgí agus soláthraithe** ar fáil.

Orthu sin, tá **An Post/Coigilteas Stáit Éireann, comhair chreidmheasa, na bainc Éireannacha** agus **gnólachtaí rialáilte AE** eile.

3. Bain úsáid as suíomhanna comparáide

Tá sé **éasca comparáid a dhéanamh idir rátaí** le suíomhanna comparáide

Bain úsáid as **Uirlis Airgid** an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí chun **comparáid a dhéanamh idir cuntais choigiltis**.

4. Labhair le do sholáthraí reatha

B'fhéidir go mbeidh roghanna acu a fhreastalóidh ar do riachtanais agus a **chuirfidh toradh níos fearr ar fáil**.

5. Cuimhnigh go mbíonn riosca ag gabháil le hinfheistiú

Má tá tú ag smaoineamh ar **d'airgead a infheistiú**, déan cinnte go bhfuil **tú sásta leis na rioscaí atá i gceist.**

Ná déan infheistiú mura dtuigeann tú **cad go díreach atá i gceist leis**.

**TUILLEADH EOLAIS:** centralbank.ie/airgeadtaisce